An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# Nuachtlitir Eolaíochta SSM

EAGRÁN 5 AIBREÁN 2018

## Fáilte

Fáilte go dtí an 5ú heagrán de nuachtlitir eolaíochta an SSM.
Breathnaígí ar https://www.jct.ie mar a bhfaighidh sibh na príomhdhoiciméid a bheidh ag teastáil uaibh le cabhrú libh an tsonraíocht a chur i bhfeidhm in bhur seomraí ranga.



Tá ceisteanna samplacha agus samplaí anótáilte de shaothar scoláirí go dtí seo le fáil ar www.curriculumonline.ie

## An Nuacht is Déanaí

Is féidir teacht ar thaifead an tseimineáir ghréasáin a bhí againn le déanaí ar ullmhúchán do MRB 1 agus ar phróiseas AFMÁ ar ár suíomh gréasáin anseo.

Tarlaíonn an t-ionú 3-seachtaine i gcomhair MRB 1 sa tréimhse Aoine 20 Aibreán go hAoine 18 Bealtaine 2018. Tá súil againn go mbaine sibh féin agus bhur scoláirí taitneamh as an bpróiseas agus táimid ag dúil le cloisteáil faoina gcuid fiosrúchán uile.

Tá samplaí d'fhoghlaim scoláirí i Measúnuithe Rangbhunaithe le feiceáil anseo anois.

Eisíodh na Treoirlínte Measúnaithe (2ú hEagrán) agus na Gnéithe Cáilíochta deiridh chuig scoileanna agus tá siad ar fáil anois. Ba chóir iad a úsáid agus MRB 1 á mheas.

## Cnuaslaethanta 2017/18

Thriail múinteoirí an comhoibriú gairmiúil trí dhul i dteagmháil le comhghleacaithe ó scoileanna eile, agus thug sé sin deis dóibh obair a dhéanamh ar dhoiciméid phleanála. Is féidir na teimpléid a d'úsáid múinteoirí le dul i ngleic leis an bpleanáil a rochtain anseo. Chun tuilleadh treorach a fháil ar an bpróiseas pleanála, cliceálaígí anseo.

Fuair múinteoirí taithí freisin ar chruinniú AFMÁ (Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair) agus trí Ghnéithe Cáilíochta a úsáid, thosaigh siad a theacht ar chomhthuiscint ar chaighdeáin. Is féidir teacht ar leabhrán ar éascaíocht AFMÁ anseo agus CumhachtPhointe a théann leis anseo .

Déanaigí cinnte go bhfuil sibh ar ár liosta seachadta chun sonraí a fháil ar ár gcuid imeachtaí ar fad, ar na deiseanna roghnacha atá ag teacht, agus ar an gcaoi chun clárú le haghaidh seimineáir ghréasáin chomh maith le hócáidí eile comhchaidrimh.

**Mura bhfuair tú an nuachtlitir seo uainn ar r-phost, cliceáil anseo le dul ar ár liosta seachadta.**

STEAM

Tá múinteoirí ar fud na tíre ag éirí tógtha faoin tionscadal nua FGL atá ag an SSM, ETI(E)M sa tSraith Shóisearach. Ag dul i ngleic le réimsí amhail inbhuanaitheacht, obair eolaithe agus nuálaíocht eolaíochta dóibh, mheabhraigh siad an t-idiroibriú idir an eolaíocht agus an tsochaí trí phlé domhain ar nádúr na staide daonna.



*Múinteoirí ag lá FGL ar ETI(E)M i nGailearaí Eolaíochta BAC ag breathnú ar bhitheolaíocht mhóilíneach agus ag plé na bitheitice*

Trí FGL ar ETI(E) M bhí deis ag múinteoirí breathnú ar TFanna NnahE 1 agus 10, agus ar roinnt TFanna ó na snáitheanna comhthéacsúla agus aird ar leith a dhíriú ar shonraí pláinéadacha, spástaiscéalaíocht, inbhuanaitheacht agus éiceachórais. Breathnaígí ár nuachtlitir ETI(E)M chun breis eolais a fháil. Go raibh maith ag na múinteoirí uile a d'fhreastail ar cheardlanna ETI(E)M i mbliana agus coimeádaigí súil amach i gcomhair forbairtí iontacha eile.

## Eolaíocht SSM Amuigh faoin Tír

Bhí lúcháir orainn bualadh le múinteoirí eolaíochta ag comhdhálacha amhail IoP, Frontiers of Physics agus Gaeloideachas. Bhí ríméad ar an bhfoireann Eolaíochta freastal ar an gcomhdháil Chem-Ed ag Institiúid Bernal, OL Dé Sathairn 21 Deireadh Fómhair. Reáchtáil muid ceardlann darb ainm 'Torthaí Foghlama á gCur i nGníomh' a raibh freastal maith uirthi, inar díríodh ar an gcaoi chun torthaí foghlama a aistriú ina gcleachtas sa seomra ranga. Sa chomhdháil seo, is ar thorthaí foghlama don Domhan Ceimiceach a bhí an fócas againn, inar bhreathnaigh muid ar ionsamhlú struchtúr adamhach, agus inbhuanaitheacht trí eastóscadh, úsáid agus diúscairt ábhar. Is féidir teacht ar acmhainní a úsáideadh ag na ceardlanna sin anseo.

Bhí faill eile againn ag ISTA 2018 chun bualadh le múinteoirí agus a bheith ag obair leo. D'eagraigh muid ceithre cheardlann bunaithe ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe agus cabhróidh na hacmhainní a úsáideadh chun tacú le scoláirí ceisteanna a fhorbairt i gcomhair fiosrúchán agus nuair a bheidh scoláirí ag fiosrú na dtopaicí IES.

## Fanaigí i dTeagmháil

Tá lúcháir orainn fáilte a chur roimh thrí bhall nua ar ár bhfoireann - Niall Kelly, Liz Smith agus Margaret Cooney. Cuimhnígí gur tacaíocht **ó** mhúinteoirí **do** mhúinteoirí a thugann an SSM, mar sin más gá daoibh dul i dteagmháil linn is féidir labhairt le ball ar bith den fhoireann ag info@jct.ie nó ag ár seoltaí pearsanta anseo. Leanaigí sinn ar Twitter @JCTScience agus síníg í suas lenár 1290 leantóir a bhíonn ag roinnt smaointe teagaisc, eispéiris foghlama sa seomra ranga agus acmhainní ar líne a chabhraíonn leo dul i gceann torthaí foghlama Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí.

## Torthaí Foghlama i bhFócas

D'fhiosraigh muid '*toradh foghlama i bhfócas*' i nuachtlitreacha roimhe seo agus chruthaigh muid spás Padlet thart orthu ó na hacmhainní a mhol **SIBH FÉIN**. Seo meabhrú ar TFanna a clúdaíodh ar nuachtlitreacha roimhe seo:

T&S 6, DB 5 agus DC 9

Thiocfadh an Padlet a úsáid mar 'síolbhalla' i gcomhair oibre in bhur scoileanna féin. Faightear eolas ar an gcaoi chun Padlet a úsáid in Eagrán 4 dár nuachtlitir.

Coinnígí oraibh ag cur isteach ábhair. Is é **DC 3** an chéad TF eile a bheidh againn. Is sibhse a chinnteoidh go n-oibreoidh sé seo! Seolaigí smaointe, pictiúir nó gearrthóga físeáin ar r-phost chuig margaret.cooney@jct.ie

## Cúinne TFC

Tugadh le fios dúinn nach bhfuil bogearra Padlet le fáil saor in aisce a thuilleadh. Tá pacáistí eile ann cosúil le Padlet, m.sh. lino.it agus wakelet. D'fhéadfadh sibh iad sin a thriail le bhur gcuid scoláirí agus a rá linn conas a éireoidh libh.
Ag súil le bheith ag obair libh ar fad arís i rith na bliana.

***Le deá-mhéin***
***Foireann Eolaíochta an SSM***